

**Tá Fíor i gCónaí,
Tá Fíor in Amanna / Uaireanta,
Níl Fíor in am ar bith**

Achar Foghlama:

Matamaitic agus Uimhearthacht

Féidearthachtaí Intinní Foghlama:

- Le bheith ábalta oibriú le chéile mar ghrúpa go héifeachtach;
- Le bheith in ann réasúnú faoi uimhreacha agus faoi chruthanna.

Scileanna Smaointeoireachta / Cumais Phearsanta:

- ag obair le daoine eile;
- ag bainistiú eolais.

Gníomhaíocht:

Sórtálann páistí ráitis mhatamaiticiúla ina dtrí chatagóir agus sainathníonn samplaí le léiriú cén fáth ar lonnigh siad ráitis airithe sna catagóirí éagsúla.

Bainistiú Daltaí:

I ngrúpaí beirte nó ceathrar (cumais mheasctha)

An Dóigh a n-Oibríonn se:

Tús: Cuir ráitis shamplacha ar an bhord agus ceistigh na páistí an síleann siad go bhfuil siad fíor i gcónaí, fíor in amanna nó nach bhfuil siad fíor in am ar bith e.g. tá dath glas ar úlla, cónaíonn madaidh faoi uisce, tá trí shlios ar thriantáin.

Príomhghníomhaíocht: Cuir na páistí i ngrúpaí. Tabhair seit cártaí ráiteas dóibh. Caithfidh siad socrú cén colún inar chóir gach ráiteas a chur. Nuair a bheas seo críochnaithe acu scrúdaíonn grúpa amháin freagraí grúpa eile agus thig comhphlé a bhunú ar éagsúla tuairimí na ngrúpaí difriúla.

Forbairt:

Iarr ar na páistí samplaí breise a mholadh do gach catagóir.

Meitifhios / Iarphlé:

Bain feidhm as ceisteanna a spreagfaidh athmhachnamh ar an ghníomhaíocht agus a chothóidh féinmheasúnú, m.sh. cén dóigh ar shocraigh do ghrúpa ar cá háit a gcuirfí na cártaí? Cad é a d'fhoghlaim tú inniu? Cad é a chuir ag smaoineamh thú inniu?

Ag Déanamh Nascanna:

Mar shamplaí bain úsáid as ráitis:-

- a bhaineann leis an Domhan Thart Orainn;
- atá bainteach le spriocanna gnóthachtála Matamaiticiúla agus Uimhearthachta eile;
- atá bunaithe ar charachtair scéalaíochta (Teanga agus Litearthacht);
- a spreagfaidh plé ar théamaí FPC (PDMU) (Forbairt Phearsanta agus Comhthuiscint).

**Tá Fíor i gCónaí,
Tá Fíor in Amanna / Uaireanta,
Níl Fíor in am ar bith**

<u>Tá Fíor</u> i gCónaí	<u>Tá Fíor</u> in Amanna	<u>Níl Fíor</u> in am ar bith

RÁITIS DO BHLIAIN 5 (An Tríú Rang)

Tá ceithre aghaidh ar chiúb.	Nuair a shuimítear trí corruimhir is ré-uimhir an freagra.
Nuair a shuimítear corruimhir agus ré-uimhir faightear corruimhir mar fhreagra.	Is féidir le trí dhronuillinn bheith i dtriantán.
Tá 10 gram níos troime ná 5 cileagram.	Is ionann ocht roinnte ar cheathair agus ceathair roinnte ar ocht.
Tá tríocha lá sna míonna.	Má thiontaím 180 céim beidh me ag amharc a mhalairt de threo.
Tá Matamaitic furasta.	Tá dhá líne siméadrachta ag dronuilleog.
Is ionann leathchasadh agus dhá dhronuillinn.	Bíonn sé ag cur fearthainne gach Máirt.
Tá dhá dhronuillinn ag roinnt triantán.	Beimid ar scoil amárach.
Úsáideann muid uimhreacha gach lá.	Tá dronuillinneacha ag heicseagáin.